

- |    |   |   |
|----|---|---|
| 1. | an cupán / dath <b>an chupáin</b><br>an ghloine / dath <b>na gloine</b>   | the cup / the color <b>of the cup</b><br>the glass / the color <b>of the glass</b>  |
|    | an cat / bia <b>an chait</b><br>an teach / doras <b>an tí</b>   | the cat / <b>the cat's</b> food<br>the house / the door <b>of the house</b>   |
| 2. | na cupáin / dath <b>na gcupán</b><br>na gloiní / dath <b>na ngloiní</b>   | the cups / the color <b>of the cups</b><br>the glasses / the color <b>of the glasses</b>  |
|    | na cait / bia <b>na gcat</b><br>na tithe / doirse <b>na dtithe</b>  | the cats / the food <b>of the cats</b><br>the houses / the doors <b>of the houses</b>   |
| 3. | an múinteoir / leabhar <b>an mhúinteora</b><br>an dochtúir / oifig <b>an dochtúra</b>   | the teacher / <b>the teacher's</b> book<br>the doctor / <b>the doctor's</b> office  |
| 4. | an fear / ainm <b>an fhir</b><br>na fir / leithreas <b>na bhfear</b><br>an bhean / ainm <b>na mná</b><br>na mná / leithreas <b>na mban</b>  | the man / the name <b>of the man</b><br>the men / the <b>men's</b> restroom<br>the woman / the name <b>of the woman</b><br>the women / the <b>women's</b> restroom                      |
| 5. | an cháis / ag ithe <b>na cáise</b><br>an ceapaire / ag ithe <b>an cheapaire</b>   | the cheese / eating <b>the cheese</b><br>the sandwich / eating <b>the sandwich</b>  |
|    | an caife / ag ól <b>an chaife</b><br>an bheoir / ag ól <b>na beorach</b><br>an líomanáid / ag ól <b>na líomanáide</b>   | the coffee / drinking <b>the coffee</b><br>the beer / drinking <b>the beer</b><br>the lemonade / drinking <b>the lemonade</b>   |
|    | an doras / ag dúnadh <b>an dorais</b><br>an fhuinneog / ag oscailt <b>na fuineoige</b><br>na fuinneoga / ag oscailt <b>na bhfuinneog</b>  | the door / closing <b>the door</b><br>the window / opening <b>the window</b><br>the windows / opening <b>the windows</b>  |
| 6. | An Fhrainc<br>Príomhchathair <b>na Fraince</b><br>Na Stáit Aontaithe<br>Uachtaráin <b>na Stát Aontaithe</b>   | France<br>The capital <b>of France</b><br>The United States<br>The President <b>of the United States</b>  |
| 7. | <b>Ceisteanna</b>   | <b>Questions</b>  |
|    | a. Cad é ainm an mhadra sa scannán „Lassie”?<br>b. Cad é príomhchathair na Spáinne?<br>c. Cad é dath an dorais i do theach?<br><br>d. An mbíonn tú ag léamh an nuachtáin gach lá? | a. What is the name of the dog in the movie „Lassie”?<br>b. What is the capital of Spain?<br>c. What is the color of the door in your house?<br>d. Do you read the newspaper every day? |

**Istigh sa Cheol**  
*le Colm Ó Snodaigh*

1. *An ghaoth aneas, bíonn sí deas, is cuireann sí rath ar shíolta.*
2. *An ghaoth aduaigh, bíon sí fuar, is cuireann sí fuacht ar dhaoine.*
3. *An ghaoth aniar, bíon sí fial, is cuireann sí iasc i líonta.*
4. *An ghaoth anoir, bíonn sí tirim, is cuireann sí brat ar chaora.*
5. Ba é 'An Ghaoth Aneas' ceann des na chéad phíosaí ceoil a d'fhoghlaímíos ar scoil.
6. Drochfheadóig stáin agus gob dearg air, ag screadaíl go tréan i measc tríocha feadóig eile.
7. An chéad nota, C, in iomaíocht leis an C géar a sheinneadh leath den rang trí bhotún.
8. Is dócha freisin go raibh sé ar cheann des na chéad phíosaí a chóirigh an chéad ghrúpa ceoil ina raibh mé, do réamhbhabhtaí Shlóghadh:
9. píosa simplí ach álainn ceoil a bhí éasca go leor a sheinnt gan ach na bunsileanna seinnte foghlamtha againn.
10. Bhí an píosa céanna de ghlanmheabhair agam, ní hamháin toisc gur minic a sheinneadh Pádraig é,
11. ach toisc gur seinneadh an leagan álainn ar *Ó Riada sa Gaiety* sa tigh go mion minic.

**Inside the Music**  
*by Colm Ó Snodaigh*

- The wind from the south, it is nice, and it puts prosperity to seeds.*  
*The wind from the north, it is cold, and it puts coldness on people.*  
*The wind from the west, it is generous, and it puts fish in nets.*  
*The wind from the east, it is dry, and it puts a coat on sheep.*  
“Southwind” was one of the first pieces of music that I learned at school.
- A bad tin whistle with a red mouthpiece, screeching loudly among thirty other whistles.  
The first note, C, competing with the C sharp that half the class would play on accident.  
It was probably one of the first pieces that the group that I was in arranged, for the preliminary rounds at Slóghadh (annual youth cultural competition): a simple, but beautiful piece of music that was easy enough to play having only learnt the basic playing skills.  
I had memorized that piece, not only because Patrick would play it often, but because they would play the lovely version from *Ó Riada sa Gaiety* in the house quite often.

**Istigh sa Cheol**  
*le Colm Ó Snodaigh*

12. I dteach trí stór cois farraige, trí mhíle ó dheas ó lár na cathrach, a d'fhásas aníos.
13. Teach álainn trína chéile.
14. Seisar buachaillí fiáine a raibh fuinneamh acu.
15. Thíos staighre ag bun an tí a bhí Seomra Phádraig.
16. Ba chara le mo thuistí é a thóg seomra ar cíos.
17. Ritheadh muid thar a sheomra gach maidin agus bhuaileadh cúpla dorn ar a dhoras.
18. „Dúisigh, Pádraig! Dúisigh! Tá sé in am dul ar scoil.”
19. Ba mhúinteoir é, agus go hiondúil bhíodh sé ní ba dheireannaí na muidne.

**Inside the Music**  
*by Colm Ó Snodaigh*

- I grew up in a three-story house by the sea, three miles south of the city center. A beautiful disorderly house. Six wild boys with a lot of energy.
- Downstairs at the bottom of the house was Patrick's room. He was a friend of my parents who rented out a room. We would run past his room every morning pounding his door a couple times.
- “Wake up, Patrick! Wake up! It's time to go to school.”
- He was a teacher and usually he would be later than we.

**Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir**

1. Bhí mise i ngrá le cailín tráth,  
Cailín a bhris mo chroí,  
An cailín ab áille ag siúl na sráide,  
A leithéidí ní fhaca tú riamh.
2. Agus bheimís pósta agus sásta inniu,  
Bheadh páistí ar fud an tí,  
Ag gaeilgeoireacht ó dhubb go dubh,  
Murach a cuid gramadaí.
3. Ó mura bhfuil an tuiseal ginideach  
agat.  
Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí,  
Níl suim dá laghad agam ionat,  
Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo  
chroí.
4. Ach más gaeilgeoir snasta blasta thí,  
Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí,  
Tar trasna na páirce móire chugam,  
Táim anseo i dtóin an tí.
5. Táim ag siúl an bhóthair uaignigh  
seo,  
Le fada fada an lá,  
Ag cuartú na mná gaelaí i ngach aon  
áit,  
Ach faraor, níl sí le fáil.
6. Bean atá tugtha don tuiseal  
tabharthach,  
Bean a thuigeann na díochlaontaí,  
Bean a rachadh chun na leapán liom,  
Le Gráiméar na mBráithre Críostaí.

**Tadhg Mac Dhonnagáin**

I was in love with a girl once,  
A girl who broke my heart,  
The most beautiful girl to walk the street,  
The likes of her you never saw.

And we would be happily married today,  
There would be children all over the house,  
Speaking Irish from dawn to dusk,  
Were it not for her grammar.

Oh, unless you have the genitive case,  
And polish on your 'h'es,  
I haven't the slightest interest in you,  
For you will surely break my heart.

But if you're a polished, well-spoken Irish  
speaker,  
And if you understand matters of  
grammar,  
Come across the big field to me,  
I'm here at the back of the house.

I'm walking this lonely road,  
For many, many a day,  
Seeking the Irish woman in every place,  
But alas, she's not to be found.

A woman who is fond of the dative case,  
A woman who understands the  
declensions,  
A woman who would go to bed with me,  
With the Christian Brothers' Grammar.

**Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir**

**Tadhg Mac Dhonnagáin**

7. Óra mura bhfuil an tuiseal ginideach agat,

Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí,  
Níl suim dá laghad agam ionat,  
Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí.

Oh, unless you have the genitive case,

And polish on your 'h'es,  
I haven't the slightest interest in you,  
For you will surely break my heart.

8. Ach más gaeilgeoir snasta blasta thú,

Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí,

Tar trasna na sráide caoile chugam,  
Táim anseo i dtóin an tí.

But if you're a polished, well-spoken Irish speaker,

And if you understand matters of grammar,  
Come across the big field to me,  
I'm here at the back of the house.

9. Mar sin más tú an cailín seo,

Is má tá tú i do shaineolaí,  
Ar rangabháil na deacrachta,  
Gan trácht ar natréaniolraí,

So, if you're this girl,  
And if you're an expert,  
On the participle of difficulty,  
Not to mention the strong plural,

10. Má bhaineann tú pléisiúr as na cosain chaola,

Más maith leat an briathar saor,  
Tar liomsa a stóirín nó go n-éaloidh muid le chéile,  
Ach ar dtús, scrúdú beag gramadaí.

If you enjoy the slender consonants,

If you like the free verb,  
Come with me my dear and we will flee together,  
But first, a small grammar test.

11. Óra mura bhfuil an tuiseal ginideach agat,

Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí,  
Níl suim dá laghad agam ionat,  
Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí.

Oh, unless you have the genitive case,

And polish on your 'h'es,  
I haven't the slightest interest in you,  
For you will surely break my heart.

**Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir**

**Tadhg Mac Dhonnagáin**

12. Ach más gaeilgeoir snasta blasta thí,

But if you're a polished, well-spoken Irish speaker,

Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí,

And if you understand matters of grammar,

Tar trasna na páirce móire chugam,  
Tar trasna na sráide caoile chugam,  
Tar trasna na leabharlainne ciúine  
chugam,

Come across the big field to me,  
Come across the narrow street to me,  
Come across the quite library to me,

Tar trasna na farraige gairbhe  
chugam,

Come across the rough ocean to me,

Tar trasna na carraige duibhe  
chugam,

Come across the black rock to me,

Tar trasna na liomanáide báine  
chugam,

Come across the white lemonade to me,

Táim anseo i dtóin an tí.

I'm here at the back of the house.

13. Bheimís pósta agus sásta inniu,  
Bheadh páistí ar fud an tí,

We would be happily married today,  
There would be children all over the house,

Ag gaeilgeoireacht ó dhubh go dubh,  
Murach a cuid gramadaí.

Speaking Irish from dawn to dusk,  
Were it not for her grammar.